Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10245/22**

**PECHE 213**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 284 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE **maidir leis an gComhchóras Faireacháin agus Meastóireachta a chur chun feidhme le haghaidh an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 284 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 284 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.6.2022
COM(2022) 284 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gComhchóras Faireacháin agus Meastóireachta a chur chun feidhme le haghaidh an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh**

**Acrainmneacha**

| | |
|---|---|
| AIR | Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme |
| CBI | An comhbheartas iascaigh |
| CMES | An comhchóras faireacháin agus meastóireachta |
| RFC | Rialachán na bhForálacha Coiteanna |
| AS MARE | Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta |
| CEMI | An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh |
| CEMID | An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe |
| AE | An tAontas Eorpach |
| FAME | Faireacháin agus meastóireacht ar iascach agus ar dhobharshaothrú |
| BMC | Beartas muirí comhtháite |
| MA | Údarás bainistíochta |
| CFM | Creat faireacháin agus meastóireachta |
| OP | Clár oibriúcháin |
| SWOT | Láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí |

Clár Ábhair

**1. Réamhrá ... 3**

**2. Cur chun feidhme CMES ... 4**

2.1. Loighic idirghabhála CEMI ... 6

2.2. Comhtháscairí ... 8

2.3. Sonraí carnacha maidir le hoibríochtaí (Infosys) ... 10

2.4. AIRanna ... 11

2.5. Meastóireachtaí ... 12

2.6. Creat feidhmíochta ... 14

**3. Creat faireacháin agus meastóireachta CEMID ... 14**

**4. Conclúid ... 16**

## 1. RÉAMHRÁ

Leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), tacaíodh le beartais mhuirí agus iascaigh an Aontais ó 2014 go 2020. Tá EUR 6.4 billiún san iomlán ar fáil faoin gciste, a bhfuil EUR 5.96 billiún de á bhainistiú go comhpháirteach ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (bainistíocht chomhroinnte). Is leis an mbuiséad atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a bhaineann an tuarascáil seo, agus leis sin amháin. Úsáidtear an buiséad sin chun inbhuanaitheacht an iascaigh agus an dobharshaothraithe a chothú, chun margaíocht agus próiseáil éifeachtach inbhuanaithe táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn, agus chun rialú an iascaigh a neartú agus feabhas a chur ar bhailiú sonraí eolaíocha chun an t-iascach a bhainistiú. Cabhraíonn sé le pobail chósta a ngeilleagar gorm a éagsúlú agus cabhraíonn sé maidir le cóstaí an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí. Tacaíonn sé freisin le cosaint an chomhshaoil agus leis an mbithéagsúlacht uisceach a shaibhriú.

Cuireadh comhchóras faireacháin agus meastóireachta (CMES) ar bun chun faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí CEMI a mhaoinítear faoi bhainistíocht chomhroinnte[1]. Cabhraíonn an comhchóras maidir lena bhfuil bainte amach ag na hoibríochtaí sin a thaifeadadh agus a rianú. Ar an gcaoi sin, soláthraíonn sé trédhearcacht maidir le húsáid airgid phoiblí agus cumasaíonn sé meastóireacht ar thacaíocht CEMI. Is é atá mar bhonn agus mar thaca ag CMES creat don idirphlé leanúnach, don chothabháil, don tacaíocht agus don chomhroinnt taithí idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Is é is aidhm don chreat sin sonraí coiteanna inchomparáide a sholáthar ar féidir iad a chomhiomlánú agus a anailísiú i gcomparáid le critéir éagsúla sna Ballstáit trí chéile.

Is í seo an dara tuarascáil a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme CMES. Dírítear inti ar na forbairtí ó bhí an tuarascáil roimhe sin ann[2], leagtar amach inti na ceachtanna a foghlaimíodh le linn an chur chun feidhme, agus féachtar ar an gcaoi ar cuireadh iad sin san áireamh agus an creat á fhorbairt le haghaidh an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) i gcomhair na tréimhse 2021 go 2027[3]. Ní chuirtear sonraí ar fáil sa tuarascáil seo ar a bhfuil bainte amach ag CEMI. Tugtar iad sin sna tuarascálacha ar chur chun feidhme CEMI, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin AS MARE[4].

Is iad seo a leanas cuspóirí CMES, mar a leagtar amach iad in Airteagal 108 de Rialachán CEMI:

a) dul chun cinn agus comhlíonadh an chomhbheartais iascaigh (CBI) agus an bheartais mhuirí chomhtháite (BMC) a léiriú, agus an tionchar ginearálta a mheas agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht agus ar ábharthacht oibríochtaí CEMI;

---

1 Airteagal 107 de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Rialachán CEMI').

2 Mar a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 107(4) de Rialachán CEMI. Foilsíodh an chéad tuarascáil in 2018 (COM(2018) 48 final).

3 Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004.

4 https://ec.europa.eu/oceans-and-fisheries/funding/fisheries-and-aquaculture-monitoring-and-evaluation-fame_en

b) rannchuidiú le tacaíocht níos spriocdhírithe le haghaidh CBI agus BMC;
c) tacú le comhphróiseas foghlama i dtaca le faireachán agus meastóireacht; agus
d) meastóireachtaí ar oibríochtaí CEMI a sholáthar, meastóireachtaí a bhfuil údar maith leo, atá bunaithe ar fhianaise agus a imreoidh tionchar ar an bpróiseas cinnteoireachta.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, soláthraíonn CMES an méid seo a leanas[5]:
1) loighic idirghabhála lena mínítear an chaoi a ndéanann tosaíochtaí, cuspóirí sonracha agus bearta difear dá chéile[6];
2) tacar comhtháscairí[7];
3) sonraí carnacha maidir leis na hoibríochtaí a roghnaítear le haghaidh cistithe[8];
4) tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme (AIRanna) clár oibriúcháin[9];
5) pleananna meastóireachta[10];
6) meastóireachtaí *ex ante* agus *ex post* agus gníomhaíochtaí meastóireachta eile a bhaineann le cláir CEMI[11]; agus
7) athbhreithnithe ar fheidhmíocht[12].

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar na gnéithe sin sa tuarascáil roimhe seo maidir le cur chun feidhme CMES an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI)[13]. **Dírítear sa tuarascáil seo ar ghnéithe nua atá tagtha chun cinn ó bhí an tuarascáil deiridh ann.**

## 2. CUR CHUN FEIDHME CMES

Pléadh gach ceann de na gnéithe a dtugtar tuairisc orthu i Roinn 1 leis na Ballstáit i gcruinnithe de ghrúpa saineolaithe CEMI[14]. Bhain an Coimisiún úsáid as na cruinnithe sin chun an creat rialachán tarmligthe agus cur chun feidhme a fhorbairt a thacaíonn le CMES. Leanadh den chur chuige rannpháirteach sin le linn na clárthréimhse, agus mar chuid de, rinne na húdaráis bhainistíochta CMES a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh trí dhea-chleachtas a roinnt agus trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna coiteanna. Áirithíodh leis sin úinéireacht chomhchoiteann agus glacadh leis an gcóras, agus

5 Arna liostú in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1014/2014 ón gCoimisiún.

6 Airteagal 18(1)(a) agus Airteagal 116 de Rialachán CEMI.

7 Airteagal 109 de Rialachán CEMI. Leagtar an liosta comhtháscairí amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1014/2014.

8 Airteagal 97(1)(a) de Rialachán CEMI (Tuarascáil Infosys).

9 Airteagal 114 de Rialachán CEMI, lena gcomhlánaítear Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle ('Rialachán na bhForálacha Coiteanna' (RFC)).

10 Airteagal 115 de Rialachán CEMI le léamh in éineacht le hAirteagal 56 de RFC.

11 Airteagail 115, 116 agus 117 de Rialachán CEMI le léamh in éineacht le hAirteagail 55, 56 agus 57 de RFC.

12 Airteagal 21(1) de RFC.

13 COM(2018) 48 final.

14 Tá doiciméid ó na cruinnithe sin agus tuarascálacha orthu le fáil ag https://ec.europa.eu/fisheries/cfp/emff_en.

chabhraigh sé le hoiliúint a chur ar na húdaráis bhainistíochta agus ar an gCoimisiún chun iad a ullmhú le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh.

Chun a áirithiú go bhfuil CMES á chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ag na Ballstáit, bhunaigh an Coimisiún aonad tacaíochta teicniúla ar a dtugtar FAME (faireachán agus meastóireacht ar an iascach agus ar an dobharshaothrú)[15]. Chuir conraitheoir seachtrach an tseirbhís tacaíochta sin ar fáil le linn 7 mbliana na clárthréimhse. Bailíodh aiseolas, taithí agus eolas ó na húdaráis bhainistíochta agus forbraíodh iad sin i gcomhar le haonad tacaíochta FAME. Na páipéir oibre agus na tuarascálacha a chuir FAME i dtoll a chéile, tá siad ar fáil ar leathanach gréasáin Europa[16]. Chabhraigh FAME leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit gach ceann de na gnéithe a leagtar amach sa chaibidil seo a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a anailísiú.

[15] Tá tuilleadh faisnéise faoi FAME ar fáil ag https://ec.europa.eu/fisheries/cfp/emff/fame_en.

[16] https://ec.europa.eu/fisheries/cfp/emff/fame_en

**Cad is féidir le CMES a insint dúinn faoi CEMI?**

Tugtar le chéile in CMES faisnéis faireacháin agus meastóireachta ó roinnt foinsí éagsúla. Is féidir faisnéis faoi gach oibríocht a mhaoinítear a chomhcheangal d'fhaisnéis chomhthéacsúil faoin staid sna Ballstáit, agus le bunachair sonraí sheachtracha amhail clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais.

- Cuirtear an fhaisnéis ar an leibhéal is airde in iúl le comhtháscairí toraidh. Mar shampla, a bhuíochas le tacaíocht CEMI, coinníodh 31 594 phost ar bun i bpobail chósta sna hearnálacha iascaigh, dobharshaothraithe agus próiseála trí chéile.
- Is féidir caiteachas a mheasúnú i gcomparáid leis na bearta Rialachán CEMI ar lena n-aghaidh a gealladh é. Mar shampla, gealladh thart ar 33 % de chistiú iomlán CEMI do bhearta chun tacú leis an mbithéagsúlacht (EUR 1 637 milliún).
- Is féidir anailís níos mionsonraithe de réir earnála a sholáthar freisin. Mar shampla, fuair 13 123 shoitheach aonair tacaíocht CEMI. Thart ar 25 % de chaiteachas CEMI a cuireadh i leataobh le haghaidh soitheach, soláthraíodh é do shoithí in earnáil an iascaigh cósta ar mionscála (EUR 124 mhilliún).

Gach ceann de na samplaí a sholáthraítear, is féidir é a mhiondealú a thuilleadh de réir an Bhallstáit. Baineann na figiúirí le staid chur chun feidhme CEMI an 31 Nollaig 2020. Is féidir tuilleadh sonraí agus samplaí a fháil sna tuarascálacha ar chur chun feidhme CEMI ar shuíomh gréasáin AS MARE[174].

### 2.1. Loighic idirghabhála CEMI

Leis an loighic idirghabhála tugtar tuairisc ar an gcaoi a ndéanann cinntí beartais, na bearta a ghlactar agus an toradh inmhianaithe difear dá chéile. Is í cnámh droma an fhaireacháin agus na meastóireachta í, cnámh droma a thosaíonn ar leibhéal an bheartais agus a leanann uirthi ar leibhéal na gclár agus na n-oibríochtaí aonair.

Leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán CEMI a chuspóirí AE. Ar leibhéal an bheartais, déantar iad sin a mhiondealú ina dtosaíochtaí agus ina gcuspóirí sonracha de chuid an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán CEMI. Déanann gach Ballstát a bhfuil CEMI á chur chun feidhme aige[18] clár oibriúcháin a dhearadh. Tugann an clár oibriúcháin aghaidh ar riachtanais tacaíochta an Bhallstáit atá i gceist trí roghnú as an tacar de 51 bheart atá ar fáil. Déanann na Ballstáit anailís ar a gcuid láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí (SWOT) chun a riachtanais a shainaithint. Cuireann an anailís sin ar a gcumas dóibh bearta iomchuí agus déine na mbeart sin a chinneadh. Ina theannta sin, roghnaíonn na Ballstáit táscairí iomchuí torthaí agus aschuir, agus socraíonn siad spriocluachanna agus garspriocanna le haghaidh táscairí airgeadais, aschuir agus toraidh. Úsáidtear iad chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun an mheastóireacht a éascú. Is é an Coimisiún a dhéanann an clár oibriúcháin a fhormheas. Le linn na tréimhse cur chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit a gcláir a leasú chun na hathruithe ar riachtanais a léiriú, tar éis don Choimisiún an clár a fhormheas.

[17] https://ec.europa.eu/oceans-and-fisheries/funding/fisheries-and-aquaculture-monitoring-and-evaluation-fame_en

[18] Gach Ballstát seachas Lucsamburg.

Moladh an loighic idirghabhála mar struchtúr réamhshainithe lena dtabharfaí aghaidh ar riachtanais na mBallstát uile. Le linn an chur chun feidhme, áfach, ba léir gurbh fhearr a d'oibreodh cur chuige níos solúbtha. Bhí roinnt gnéithe a d'oibrigh go maith, amhail tosaíochtaí de chuid an Aontais. Éascaíodh leo sin comhiomlánú sonraí ar leibhéal Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE)[19]. Gnéithe eile, amhail cuspóirí téamacha[20] (i.e. comhiomlánú ar leibhéal níos airde lena léirítear na 11 tosaíocht infheistíochta atá ag Cistí SIE), ba léir nár mhór a n-ábharthacht maidir le CEMI mar gur réasúnta beag an buiséad atá aige le haghaidh anailís ardleibhéil den chineál sin.

I roinnt cásanna, ba dheacair oibriú leis na naisc dholúbtha idir gnéithe de loighic idirghabhála CEMI. Cruthaíodh naisc idir tosaíochtaí agus bearta de chuid an Aontais trí Rialachán CEMI. Rinne an Rialachán roinnt beart a cheapadh go han-chúng. Mar shampla, roinn sé infheistíochtaí táirgiúla sa dobharshaothrú ina 11 chatagóir. Sa chleachtas, fuarthas nár bhain na Ballstáit úsáid fhónta as bearta mar sin a sainíodh chomh cúng sin. Is é ab fhearr leo cistiú a sholáthar faoi na bearta ar ceapadh ar bhonn níos leithne iad lenar cumhdaíodh na cuspóirí céanna.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 1014/2014[21] ón gCoimisiún, cruthaíodh an nasc idir tosaíochtaí de chuid an Aontais agus comhtháscairí toraidh. An chaoi a gcuireann na Ballstáit bearta chun feidhme, imríonn sé tionchar ar na comhtháscairí toraidh. Sonraítear i Roinn 2.2 na barúlacha ar na comhtháscairí toraidh a rinneadh le linn don chlár a bheith á chur chun feidhme.

Le linn an chur chun feidhme, ba ghá anailís a dhéanamh ar an gcaoi ar chabhraigh bearta CEMI, chomh maith le cineál na n-oibríochtaí a fuair tacaíocht faoi gach beart, le cuspóirí CBI a bhaint amach. Chuige sin, forbraíodh modhanna *ad hoc* i gceardlanna agus trí úsáid a bhaint as saineolas teicniúil. Éascaíodh an anailís sin trí shonraí mionsonraithe a bheith ar fáil ar leibhéal na hoibríochta. Mar shampla, fuarthas gur chabhraigh oibríochtaí arna gcur chun feidhme faoi 11 bheart CEMI (e.g. nuálaíocht faoi Airteagal 47, infheistíocht tháirgiúil sa dobharshaothrú faoi phointí (a) go (d) agus (f) go (h) d'Airteagal 48(1), agus dobharshaothrú lena soláthraítear seirbhísí comhshaoil faoi Airteagal 54) le baint amach chuspóir CBI maidir le gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt. Leis an gcineál sin anailíse, léiríodh an luach soiléir a bhaineann le faisnéis mhionsonraithe a bheith ann faoi gach oibríocht.

**Sampla: an nasc idir tosaíochtaí, cuspóirí sonracha, bearta agus táscairí toraidh de chuid an Aontais**

Tá sé chuspóir shonracha ag baint le tosaíocht 1 de chuid an Aontais (iascach a chur chun cinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, tíosach ar acmhainní, nuálach,

19 https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/funding-opportunities/funding-programmes/overview-funding-programmes/european-structural-and-investment-funds_en

20 https://ec.europa.eu/regional_policy/en/policy/what/glossary/t/thematic-objectives

21 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1014/2014 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006 agus (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinneachar agus struchtúr an chomhchórais faireacháin agus meastóireachta le haghaidh na n-oibríochtaí a chistítear faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (IO L 283, 27.9.2014, lch. 11).

iomaíoch agus eolasbhunaithe).

Tá sraith beart chomhfhreagrach ag gach cuspóir sonrach díobh. Mar shampla, is bearta iad an scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta agus tacaíocht do chórais leithdháilte na ndeiseanna iascaireachta (Airteagail 34 agus 36, faoi seach, de Rialachán CEMI) a rannchuidíonn le cuspóir sonrach 3 a bhaint amach (cothromaíocht a áirithiú idir an acmhainneacht iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil), faoi thosaíocht 1 de chuid an Aontais.

Tá feidhm ag na comhtháscairí toraidh seo a leanas maidir le cuspóir sonrach 3: táscaire toraidh 1.3 (athrú ar an nglanbhrabús) agus táscaire toraidh 1.6 (athrú ar chéatadán na gcabhlach neamhchothromaithe).

An chaoi a soláthraítear sonraí faireacháin agus meastóireachta, leanann sí struchtúr na loighce idirghabhála ar a dtugtar tuairisc. Soláthraítear sonraí i dtrí phríomhfhormáid:

- sonraí carnacha maidir le hoibríochtaí (Infosys) a chuirtear isteach ag deireadh mhí an Mhárta gach bliain;
- tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme (AIRanna), a chuirtear isteach ag deireadh mhí na Bealtaine gach bliain; agus
- meastóireachtaí a dhéantar roimh an gclárthréimhse, lena linn agus ina diaidh.

Imríonn na sonraí sin tionchar ar an tacar comhtháscairí toraidh is mó a léiríonn a bhfuil bainte amach ag CEMI.

### 2.2. Comhtháscairí

Tríd is tríd, ba bhunús maith iad comhtháscairí CEMI chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn le linn dó a bheith á chur chun feidhme. Tuairiscítear a luachanna ar an Tairseach Sonraí Oscailte, a bhfuil rochtain phoiblí air[22]. Seo thíos na barúlacha a tugadh ar na táscairí.

- Tá táscairí comhthéacs fíor-riachtanach le haghaidh na hanailíse SWOT agus chun riachtanais na mBallstát a chinneadh. Mar sin féin, maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, ní raibh aon luach lena gcur san áireamh sa tuairisciú.
- Ba é an líon oibríochtaí an táscaire aschuir ab iontaofa. Rinne sé an clársceidealú agus an tuairisciú a shimpliú, agus is féidir é a fheabhsú go mór trína chomhcheangal le sonraí eile ar leibhéal na hoibríochta.
- I gcás roinnt táscairí, bhí siad casta agus ba dheacair iad a úsáid allamuigh mar thoradh ar easpa sonraí, nó difríochtaí idir na Ballstáit maidir le gabháil sonraí (mar shampla, athruithe dearfacha agus diúltacha araon ar na táscairí – 'athrú ar ghabhálacha de thaisme' nó 'athrú ar éifeachtúlacht breosla na gabhála éisc' – a bheith á meas mar athruithe dearfacha).
- I gcás roinnt táscairí, ní raibh siad go hiomlán oiriúnach chun éifeacht dhíreach CEMI sa mheántéarma a ghabháil. Ina ionad sin, ba mhó a bhí siad dírithe ar éifeachtaí CBI a ghabháil, go neamhspleách ar CEMI (mar shampla, 'athrú ar ghabhálacha de thaisme' nó 'athrú ar chumhdach limistéar muirí faoi chosaint').

[22] https://cohesiondata.ec.europa.eu/

- Leis na húdaráis bhainistíochta, seachnaíodh táscairí níos casta. Dearbhaíodh go minic nach raibh na táscairí sin infheidhme ar leibhéal an chláir, é sin nó nár tuairiscíodh iad ar leibhéal na hoibríochta aonair.
- Is minic a bhí earráidí tuairiscithe éagsúla ann. Is é ba chúis le formhór díobh míbhrí a bheith á baint as sainmhínithe na dtáscairí agus difríochtaí idir na cleachtais bailithe sonraí. Soiléiríodh agus feabhsaíodh na sainmhínithe le linn na tréimhse cur chun feidhme tríd an bpáipéar oibre maidir le sainmhínithe na dtáscairí a thabhairt cothrom le dáta go rialta[23]. Bhí earráidí eile ann mar gheall ar neamhbheachtas sna haonaid tomhais, mar shampla 'míle EUR' seachas EUR leis féin. Rinneadh na hearráidí sin a bhrath agus a cheartú sa tuairisciú agus sa chlársceidealú agus trí shainmhínithe athbhreithnithe a sholáthar chun úsáid na sainmhínithe a fheabhsú.
- Bhí sé de rogha ag na Ballstáit táscairí toraidh clárshonracha a thuairisciú. Ba theoranta a luach lasmuigh de thuairisciú le haghaidh an Bhallstáit lenar bhain, toisc nárbh fhéidir iad a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais.
- Sa chleachtas, fuarthas i gcás comhtháscairí toraidh arna sainmhíniú agus arna gceapadh lena n-úsáid faoi bhearta áirithe, agus faoi na bearta sin amháin, go bhféadfaidís a bheith chomh hoiriúnach céanna lena n-úsáid faoi bhearta eile. Ba léir ón taithí a gnóthaíodh le linn an chur chun feidhme gurbh fhearr a d'oibreodh struchtúr níos solúbtha.

**Sampla: trí chomhtháscaire toraidh de chuid CEMI, lena léirítear an méid a bhain an ciste amach ó 2014 go 2020**

1. **An líon oibríochtaí arna maoiniú ag CEMI lena gcuirtear córas rialaithe, cigireachta agus forfheidhmithe an Aontais chun feidhme:**

   pleanáilte, de réir chláir na mBallstát: **954 oibríocht**

   curtha chun feidhme, de réir AIRanna na mBallstát: **615 oibríocht.**

2. **An líon gnólachtaí nua arna gcruthú ag tionscnaimh forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail, agus na tionscnaimh sin á maoiniú faoi CEMI:**

   pleanáilte, de réir chláir na mBallstát: **750 gnólacht**

   curtha chun feidhme, de réir AIRanna na mBallstát: **486 gnólacht.**

3. **Fostaíocht atá á coimeád san earnáil iascaigh a bhuíochas le tacaíocht CEMI, arna tomhas in aonaid choibhéiseacha lánaimseartha (FTE):**

   pleanáilte, de réir chláir na mBallstát: **22 473 FTE**

   curtha chun feidhme, de réir AIRanna na mBallstát: **17 985 FTE**

[23] FAME, *Páipéar oibre maidir le sainmhínithe ar chomhtháscairí CEMI*: https://ec.europa.eu/fisheries/cfp/emff/fame_en.

### 2.3. Sonraí carnacha maidir le hoibríochtaí (Infosys)

Le linn na tréimhse 2014-2020, tugadh tuairisciú isteach de bhun Airteagal 97(1) de Rialachán CEMI. Is é ba thoradh air sin táirgeadh sonraí a bhí i bhfad níos fearr ná na sonraí a bhí ar fáil le haghaidh an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) le linn na tréimhse roimhe sin (2007-2014). Thóg sé roinnt ama, áfach, córais a chur ar bun i ngach Ballstát a bhí comhoiriúnach agus iontaofa go leor chun sonraí a chomhiomlánú, mar shampla trí earráidí aonaid a bhrath, amhail 'EUR' a thuairisciú in ionad 'míle EUR', agus fáil réidh leo. D'fhorbair aonad tacaíochta FAME roinnt páipéar oibre agus uirlisí TF tacaíochta chun cabhrú na córais a chur ar bun. Dearadh na huirlisí chun earráidí tuairiscithe a laghdú agus chun an t-am a ghiorrú ar ghá leis chun coimeádaíocht a dhéanamh ar na sonraí agus iad a thabhairt chun críche sula bhféadfaí iad a úsáid le haghaidh anailísithe.

Bealach dea-struchtúrtha coiteann comhsheasmhach chun sonraí a thaifeadadh is ea Infosys. Fágann sin gur féidir Infosys a úsáid chun faireachán, meastóireacht agus tagarmharcáil a dhéanamh ar dhul chun cinn ar leibhéal an Bhallstáit. Ar leibhéal comhiomlánaithe an Aontais, tá sé ina uirlis luachmhar chun sonraí iontaofa a chur ar fáil le haghaidh tuairiscithe agus cinnteoireachta.

**<u>Cad is féidir le Infosys a chur ar ár súile dúinn faoi thionscadal?</u>**

Sonraí a thaifeadtar ar leibhéal na hoibríochta, cabhraíonn siad leis an gCoimisiún an scéal taobh thiar den oibríocht a thuiscint. Mar shampla, i gcás iascaire ó Almería (na Spáinne) atá ag feidhmiú mar mhicrifhiontar, cuireann sí oibríocht CEMI chun feidhme a bhaineann le héagsúlú agus le cineálacha nua ioncaim trí thurasóireacht slatiascaireachta uisce ghoirm a fhorbairt ar a soitheach. Is féidir an soitheach a shainaithint as uimhir an chláir cabhlaigh iascaigh, lena nasctar le faisnéis faoi mhéid, cumhacht innill, aicme agus príomhthrealamh iascaireachta an tsoithigh.

Soláthraítear dátaí tosaigh agus deiridh na hoibríochta. Soláthraítear costas iomlán na hoibríochta agus sonraí faoin gcistiú. Mar shampla, tagann leath an chistithe ó bhuiséad CEMI agus is meascán de chistiú rialtais agus cistiú príobháideach atá sa chuid eile.

Soláthraítear cód Aicmiú Comhchoiteann na nAonad Críche maidir le Staidreamh (NUTS) le haghaidh an ghnólachta, agus tugann sin an limistéar áitiúil a bhíonn á chumhdach ag an oibríocht le fios. Féadtar a léiriú leis na sonraí freisin ábharthacht na hoibríochta maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn san earnáil iascaigh.

Cuirtear an oibríocht chun feidhme faoi Airteagal 30 ('Éagsúlú agus cineálacha nua ioncaim') de Rialachán CEMI. Déantar an toradh a thomhas leis an gcomhtháscaire 'athrú ar ghlanbhrabús'.

Le hAirteagal 97 de Rialachán CEMI, ceanglaítear ar údaráis bhainistíochta sonraí carnacha a sholáthar don Choimisiún maidir le hoibríochtaí a roghnaítear le haghaidh cistithe. Soláthraítear na sonraí ag deireadh mhí an Mhárta gach bliain agus cumhdaítear leo an cur chun feidhme go dtí deireadh na bliana féilire roimhe sin. Díreach cosúil le córais tuairiscithe na n-ionstraimí cistithe a bhí ann roimhe seo (an Ionstraim Airgeadais

um Threoraíocht Iascaigh agus CEI), is gnách go dtugtar Infosys ar an gcóras tuairiscithe seo.

An leibhéal mionsonraí a soláthraítear ar leibhéal na hoibríochta trí thuairisciú Infosys, is le CEMI amháin a bhaineann sin. Tá dhá Rialachán Cur Chun Feidhme ann[24] ina soláthraítear mionsonraí faoi na sonraí agus an struchtúr bunachair sonraí a bhfuil gá leo. Déanann na sonraí cur síos ar an dul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach ar leibhéal na hoibríochta tríd an méid atá ag tarlú ar an láthair a ghabháil. Áirítear leis na sonraí príomhfhaisnéis faoin tairbhí (e.g. inscne nó méid an ghnólachta) agus faoin oibríocht (cineál gníomhaíochtaí, buiséad, an líon iascairí lena mbaineann, an limistéar iomlán lena mbaineann, etc.). Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin ar údaráis bhainistíochta agus ar thairbhithe, tagann formhór na sonraí Infosys ó fhaisnéis a stóráiltear cheana i mbunachair sonraí náisiúnta a bunaíodh chun na ceanglais ar oibríochtaí aonair maidir le sonraí a thaifeadadh agus a stóráil a chomhlíonadh.

### 2.4. AIRanna

Faoi Airteagal 114 de Rialachán CEMI agus Airteagal 50 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC), ní mór AIR le haghaidh gach cláir a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Bealtaine gach bliain. Tugtar achoimre in AIRanna ar na príomhnithe a baineadh amach agus na cláir oibriúcháin á gcur chun feidhme agus ar na príomhdhúshláin a bhain lena gcur chun feidhme. Díreach cosúil le Infosys, cumhdaíonn AIRanna an cur chun feidhme go dtí deireadh na bliana féilire roimhe sin. Baineann an Coimisiún agus na Ballstáit úsáid as an bhforbhreathnú ar chur chun feidhme a bhíonn á sholáthar ag AIRanna chun a bhfuil bainte amach a athbhreithniú agus chun coigeartuithe a dhéanamh i gcás inar gá.

Soláthraítear dhá chineál faisnéise le AIRanna: faisnéis cháilíochtúil lena dtugtar tuairisc ar na príomhnithe a baineadh amach agus ar na príomhdhúshláin, agus faisnéis chainníochtúil lena gcuimsítear sonraí comhiomlánaithe i bhfoirm tábla. Áirítear leo freisin leithdháileadh airgeadais táscach ar leibhéal an bhirt.

Is foinsí luachmhara faisnéise iad AIRanna, go háirithe maidir le léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar cuireadh an clár chun feidhme le linn na clárthréimhse, faoi na nithe ar éirigh leo, agus faoi na deacrachtaí agus na dúshláin atá ann.

Baineann an fhaisnéis in AIR leis an gcur chun feidhme ag deireadh mhí na Nollag roimhe sin. Nuair a chuirtear san áireamh an t-am a thógann sé an tuarascáil a ullmhú, a chur isteach agus a ghlacadh agus chun aon leasú riachtanach a dhéanamh, is gnách na sonraí sa tuarascáil a bheith thart ar 9 mí ar an bhfód tráth a bhfoilsithe.

Úsáidtear sonraí AIR freisin chun sonraí a chomhiomlánú ar leibhéal Chistí SIE, agus cuirtear ar fáil go poiblí iad ar an Tairseach Sonraí Oscailte[25]. Os a choinne sin, úsáidtear Infosys chun anailís níos teicniúla agus níos mionsonraithe a dhéanamh. Tá an t-anailísiú níos casta toisc dhá shruth tuairiscithe ar leith a bheith ann le haghaidh sonraí cainníochtúla. Is é is cúis leis sin an gá leis na tacair sonraí a eascraíonn as sin a chur i gcomparáid le chéile chun difríochtaí agus earráidí a bhrath.

---

24 Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1242/2014 agus (AE) Uimh. 1243/2014 ón gCoimisiún.

25 https://cohesiondata.ec.europa.eu/

**Cad a insíonn AIR dúinn faoin gcur chun feidhme?**

Soláthraíonn AIRanna faisnéis faoi na saincheisteanna a dhéanann difear do chur chun feidhme agus d'fheidhmíocht an chláir trí thuairisc a thabhairt ar an timpeallacht náisiúnta eacnamaíoch agus dhlíthiúil. Is faisnéis thábhachtach é sin don Choimisiún lena gcuirfear ar a chumas dó barúlacha a fhoirmiú agus oibriú i gcomhar leis na Ballstáit ar na dúshláin ar leith atá rompu chun an cur chun feidhme a fheabhsú. Soláthraítear sna tuarascálacha sonraí faoi thacaíocht d'iascach cósta mionscála, mar shampla athsholáthar nó nuachóiriú na bpríomhinneall nó na n-inneall coimhdeach.

Ina theannta sin, tugtar tuairisc in AIRanna ar ghníomhaíochtaí atá ina gcuid de phlean meastóireachta an chláir, agus déantar achoimre iontu ar na meastóireachtaí a rinneadh. Áiríodh le tuarascálacha 2017 agus 2019 ranna speisialta ina soláthraítear faisnéis bhreise faoi thacaíocht do na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide agus don fhás cliste inbhuanaithe cuimsitheach.

### 2.5. Meastóireachtaí

Rinne na Ballstáit meastóireachtaí *ex ante* mar bhunús[26] le dearadh an chláir. Cuireadh na meastóireachtaí sin faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis na cláir oibriúcháin. Dhréachtaigh an Coimisiún sintéis de na meastóireachtaí *ex ante*[27]. Léirigh an tsintéis sin gurb í príomhthairbhe na meastóireachta *ex ante* an tacaíocht a sholáthair sí maidir le hanailísí SWOT a dhéanamh, riachtanais idirghabhála shonracha na gclár a shainaithint, agus spriocanna táscaire a chainníochtú.

Áirítear le gach clár freisin plean meastóireachta chun meastóireachtaí rialta agus bearta leantacha iomchuí a áirithiú. Le meastóireachtaí ba cheart éifeachtacht, éifeachtúlacht agus tionchar CEMI a mheas[28]. Uair amháin ar a laghad le linn na clárthréimhse, ba cheart meastóireacht a bheith ann lena ndéanfar measúnú ar an gcaoi ar chabhraigh tacaíocht CEMI leis na cuspóirí le haghaidh gach tosaíochta de chuid an Aontais a bhaint amach. Imreoidh na meastóireachtaí sin tionchar ar an meastóireacht *ex post* ar CEMI, a bheidh le déanamh faoi dheireadh 2024[29].

Is iad na meastóireachtaí ar phróisis agus ar nósanna imeachta an cineál meastóireachta is minice a dhéanann na Ballstáit. Formhór díobh sin, rinneadh iad a struchtúrú chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na bpróiseas ar leibhéal an chláir oibriúcháin, de réir an chuspóra shonraigh agus de réir an bhirt. Áirítear na samplaí seo a leanas i measc na samplaí de mheastóireachtaí sonracha a rinneadh:

- meastóireacht ar chur chun feidhme na forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail;
- measúnú costais is tairbhe ar scéim díchoimisiúnaithe;
- meastóireacht ar scéim V-eangaithe gliomach;
- meastóireacht ar scéim iascaigh inbhuanaithe;

[26] Airteagal 55 de RFC.

[27] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/a47f1ad1-055d-11e7-8a35-01aa75ed71a1

[28] Airteagal 115 de Rialachán CEMI agus Airteagal 56 de RFC.

[29] Airteagal 57 de RFC.

- meastóireacht ar chórais dobharshaothraithe athchúrsála;
- measúnú tionchair ar earnálacha an gheilleagair ghoirm; agus
- measúnú *ex ante* ar úsáid ionstraimí airgeadais.

De réir na faisnéise faoi mheastóireachtaí a soláthraíodh in AIRanna, rinneadh trí phríomhthoradh a shainaithint:

- Leasuithe ar chláir oibriúcháin i gcomhréir leis na barúlacha a tugadh i meastóireachtaí, leasuithe a rinneadh den chuid is mó chun cistiú a ath-leithdháileadh ó bhearta ar lú an aird a tharraing siad chuig bearta a raibh níos mó éilimh orthu;
- rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta a shimpliú, a chuíchóiriú agus a choigeartú; agus
- smaointe agus dréacht-struchtúir chláir a fhorbairt le haghaidh an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID).

Léiríodh leis an tsintéis mheastóireachta ar na AIRanna agus leis na ceardlanna um thacaíocht don mheastóireacht agus um fhorbairt acmhainneachta [30], ar tionscnaimh iad de chuid an aonaid faireacháin agus meastóireachta ar iascach agus ar dhobharshaothrú (FAME), go raibh éagsúlachtaí móra idir na Ballstáit trí chéile maidir le cáilíocht agus líon na meastóireachtaí. Bhraith cáilíocht agus méid na meastóireachtaí go mór ar na nithe seo a leanas:

- eagrúchán na n-údarás bainistíochta agus a n-éifeachtacht maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an gclár náisiúnta;
- leibhéal saineolais na saineolaithe a ndéantar conradh leo; agus
- an méid ullmhúcháin agus saineolais a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na nithe seo a leanas:
    - na téarmaí tagartha le haghaidh meastóireachta a shainiú;
    - ceisteanna meastóireachta oiriúnacha a dhréachtú; agus
    - na critéir roghnúcháin a shonrú maidir le tairiscintí le haghaidh meastóireachtaí.

Thuairiscigh na Ballstáit deacrachtaí maidir le cinneadh a dhéanamh faoi líon agus raon feidhme na gceisteanna meastóireachta, rud a d’fhág go bhféadfadh meastóireacht a bheith ró-ghinearálta nó dírithe an iomarca ar ábhar ar leith, ag brath ar an am agus ar an mbuiséad a bheadh ar fáil.

**<u>Samplaí de mheastóireachtaí lena ndéantar measúnú ar fheidhmíocht agus ar chur chun feidhme</u>**

In 2020 rinne Ballstát amháin meastóireacht ar fheidhmíocht agus meastóireacht ar an bpróiseas cur chun feidhme. Dhírigh an mheastóireacht feidhmíochta ar a éifeachtaí a bhí bearta CEMI maidir le cuspóirí sonracha agus spriocanna an chláir oibriúcháin a

[30] Ceardlanna chun cabhrú leis na húdaráis bhainistíochta cáilíocht agus doimhneacht a gcuid gníomhaíochtaí a fheabhsú. Mar shampla, cabhair le ceisteanna meastóireachta sonracha spriocdhírithe a cheapadh a bheadh oiriúnach do na hacmhainní agus don fhaisnéis atá ar fáil le haghaidh na hoibre.

bhaint amach. Sa mheastóireacht ar an bpróiseas cur chun feidhme, rinneadh measúnú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht shásra seachadta thacaíocht CEMI, trí na struchtúir bhainistíochta agus na modhanna cur chun feidhme a mheasúnú.

Bunaithe ar na meastóireachtaí, chinn an Ballstát na spriocanna maidir le cur chun feidhme an chláir a choinneáil faoi athbhreithniú, agus cistí a ath-leithdháileadh ó bhearta nár dhócha go gcaithfidís a leithdháileadh iomlán chuig bearta a raibh éileamh níos mó orthu. Na moltaí a rinneadh dá bharr, moladh iontu líon na n-idirghabhálacha a chuíchóiriú chun an riarachán a dhéanamh níos éifeachtúla agus chun soiléiriú breise a sholáthar d'iarratasóirí. Moladh iontu freisin an córas TF a fheabhsú agus na nósanna imeachta um bainistíocht clár a shimpliú, agus próiseáil deontas ar líne a chumasú go háirithe.

### 2.6. Creat feidhmíochta

Le hAirteagail 21 agus 22 de RFC soláthraítear an bunús leis an gcreat feidhmíochta agus lena chur i bhfeidhm maidir le hathbhreithniú an chláir. Leis an athbhreithniú feidhmíochta, scrúdaíodh an chaoi ar baineadh garspriocanna na gclár amach ar leibhéal tosaíochtaí de chuid an Aontais, agus úsáid á baint as an bhfaisnéis in AIRanna a chuir na Ballstáit isteach in 2019.

I gcás gach cláir de chuid CEMI, ghlac an Coimisiún cinntí maidir leis na tosaíochtaí de chuid an Aontais a bhain a ngarspriocanna amach (táscairí airgeadais agus aschuir). Leithdháileadh an cúlchiste feidhmíochta (i.e. 5 %-7 % den leithdháileadh ar gach tosaíocht, arna chinneadh ag an mBallstát a bhí i gceist) ar na tosaíochtaí sin. An cúlchiste feidhmíochta le haghaidh tosaíochtaí nár bhain a ngarspriocanna amach, rinneadh é sin a ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí a raibh siad bainte amach acu.

Ba ghá anailís a dhéanamh ar an gcreat feidhmíochta, go háirithe ar athbhreithniú an chláir, agus ba ghá cinntí a ghlacadh ina leith. Cé gur sholáthair an t-athbhreithniú dreasacht chun an cur chun feidhme a fheabhsú, ní dreasacht an-láidir a bhí inti. Ba é toradh na tearcfheidhmíochta aistriú éigeantach cistí ó thosaíocht amháin de chuid an Aontais chuig tosaíocht eile. Tagann sé sin le gníomhaíocht loighciúil an údaráis bainistíochta chun an cur chun feidhme a fheabhsú faoi na gnáthchúinsí, fiú gan an t-athbhreithniú.

## 3. CREAT FAIREACHÁIN AGUS MEASTÓIREACHTA CEMID

Cuireadh creat faireacháin agus meastóireachta (CFM) CEMID ar bun mar chuid de chreat feidhmíochta bhuiséad an Aontais[31]. Áirítear leis an gcreat feidhmíochta sin coincheapa amhail croítháscairí feidhmíochta, tuairisciú comhchuibhithe agus rianú caiteachais le haghaidh gnéithe cothrománacha amhail an aeráid agus an comhshaol. Mar sin, tá creat saincheaptha ag gach ciste. Tá creat faireacháin agus meastóireachta CEMID bunaithe ar an taithí a gnóthaíodh le linn do CEMI a bheith á chur chun feidhme, mar a thuairiscítear i Roinn 2. Tugtar tuairisc ghairid sa roinn seo ar na gnéithe úra de CFM.

[31] Tugtar tuairisc air sin in COM(2021) 366 final.

Foilseofar na sonraí iomlána i bpáipéar oibre a chuirfear ar fáil ar leathanach CEMID ar shuíomh gréasáin AS MARE[32].

Tá loighic idirghabhála CEMID níos solúbtha ná loighic idirghabhála CEMI. Tá níos lú tosaíochtaí agus níos lú cuspóirí sonracha inti agus ní úsáidtear bearta dea-shainithe mionsonraithe CEMI a thuilleadh mar uirlis chlársceidealaithe agus faireacháin. Ina ionad sin, tá de shaoirse ag na Ballstáit bearta saincheaptha a roghnú le haghaidh a riachtanas sonrach agus na bearta sin a shainiú.

Tá de shaoirse ag na Ballstáit freisin na comhtháscairí toraidh is oiriúnaí a roghnú chun éifeachtaí a ngníomhaíochta a thomhas. Leagtar amach na táscairí i Rialachán CEMID[33] agus laghdaíodh an líon táscairí ó 35 faoi CEMI go dtí 22 (25 agus na fotháscairí san áireamh). Rinneadh iad a shimpliú agus tugadh tuairisc orthu ar bhealach lenar cheart deireadh a chur le mórchuid na n-éiginnteachtaí agus na n-earráidí a bhaineann le táscairí CEMI.

Faoi CEMID, ní chuireann na Ballstáit AIRanna isteach. Ina ionad sin, déanann siad sonraí cainníochtúla níos struchtúrtha agus níos rialta a thuairisciú, mar a shonraítear in RFC 2021-2027[34]. Dhá uair sa bhliain, comhlánaítear na sonraí cainníochtúla sin le sonraí cur chun feidhme ar leibhéal na hoibríochta (Infosys). Is deis iad na cruinnithe um athbhreithniú bliantúil ar an bhfeidhmíocht idir an t-údarás bainistíochta agus an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe cáilíochtúla an chláir.

Tá na meastóireachtaí fós ina ngné lárnach den chreat. Ní mór do na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar a gcláir bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas: éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas, agus breisluach don Aontas[35]. Is é an aidhm atá ann feabhas a chur ar cháilíocht cheapadh agus chur chun feidhme na gclár. Leis na meastóireachtaí, féadfar critéir ábhartha eile amhail cuimsitheacht, neamh-idirdhealú agus infheictheacht a chumhdach. Déantar foráil leis an gcreat freisin maidir le meastóireacht eatramhach agus deiridh ar chur chun feidhme CEMID.

Bunaítear an creat feidhmíochta le hAirteagal 16 de RFC 2021-2027. Leagtar síos leis an gcreat garspriocanna agus spriocanna le haghaidh táscairí aschuir agus toraidh, agus déantar iad a nascadh le cuspóirí sonracha. Éascaítear leis sin faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chiste le linn na tréimhse cur chun feidhme. Ní dhéantar foráil le Rialachán CEMID maidir le hathbhreithniú feidhmíochta ná maidir le leithdháileadh cúlchiste feidhmíochta ina dhiaidh sin.

Soláthraítear le Tábla 1 forbhreathnú ar na difríochtaí is mó idir tréimhse 2014-2020 agus tréimhse 2021-2027. Ar an iomlán, tá simpliú déanta ar an bhfaireachán agus ar an

---

32 https://ec.europa.eu/oceans-and-fisheries/funding/emfaf_en

33 Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004.

34 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí.

35 Airteagal 44 de RFC 2021-2027.

meastóireacht mar chuid de chreat CEMID agus tá comhsheasmhacht agus solúbthacht níos mó ann ná le creat CEMI.

Tábla 1: Comparáid idir creataí faireacháin agus meastóireachta CEMI agus CEMID

| Gné | 2014-2020 CMES (CEMI) | 2021-2027 CFM (CEMID) |
|---|---|---|
| **Loighic idirghabhála** | Réamhshainithe | Níos solúbtha le níos lú srianta |
| **Tosaíochtaí** | 6 | 4 |
| **Cuspóirí sonracha** | 17 | 10 |
| **Bearta** | Réamhshainithe i Rialachán CEMI | Níl aon bheart ann; Sonraíonn na Ballstáit a gcineálacha gníomhaíochta ar leibhéal an chuspóra shonraigh (eisiatar gníomhaíocht neamh-incháilithe) |
| **Táscairí comhthéacs** | 53 | Níl aon táscaire ann |
| **Táscairí toraidh** | 35 agus fotháscairí san áireamh | 25 agus fotháscairí san áireamh |
| **Táscairí aschuir** | 28 | 1 |
| **Cineálacha oibríochta** | 160 | 66 |
| **Tuairisciú bliantúil** | Uair amháin | Sonraí ar leibhéal na hoibríochta: faoi dhó; sonraí airgeadais: faoi thrí |
| **Plean meastóireachta** | Is ea, cuid den chlár oibriúcháin | Is ea, doiciméad inmheánach |
| **Meastóireacht** | Meastóireacht *ex ante* in 2015 (na Ballstáit), meastóireachtaí le linn na tréimhse cur chun feidhme (na Ballstáit), meastóireacht *ex post* in 2024 (an Coimisiún) | Meastóireachtaí le linn na tréimhse cur chun feidhme (na Ballstáit), meastóireacht eatramhach in 2024 (an Coimisiún), meastóireacht tionchair in 2029 (na Ballstáit), meastóireacht *ex post* in 2031 (an Coimisiún) |
| **Creat feidhmíochta** | San áireamh, ach níor soláthraíodh aon treoir | San áireamh; Fuair na Ballstáit páipéar modheolaíochta maidir le creat feidhmíochta[36] |

*Foinse: FAME, 2021*

## 4. CONCLÚID

Nuair a bunaíodh CMES an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh in 2014, chuir sé tuairisciú inchomparáide ar fáil ar leibhéal na hoibríochta sna Ballstáit trí chéile den chéad uair. Bhí an córas bunaithe ar loighic idirghabhála réamhshainithe agus ar thacar comhtháscairí. Bhí roinnt deacrachtaí ann mar gheall ar a struchtúr dolúbtha, mar shampla saincheisteanna i ndáil leis an leibhéal mionsonraí lenar tugadh tuairisc ar na

[36] Dáileadh an páipéar oibre ar an modheolaíocht maidir le creat feidhmíochta agus cuireadh i láthair é i mí an Mheithimh 2021. Is é is cuspóir dó formheas cláir a éascú, teimpléad a sholáthar le haghaidh loighic idirghabhála chláir na mBallstát, agus bunús a sholáthar ar ar féidir táscairí a roghnú agus garspriocanna, spriocanna agus meastacháin airgeadais a shonrú (agus a athbhreithniú ina dhiaidh sin). Is féidir leis na gnéithe sin bunús a sholáthar chun an plean faireacháin agus meastóireachta a dhréachtú tráth níos déanaí agus chun treoir a thabhairt do chláraitheoirí agus do pháirtithe leasmhara faoi eolas a stóráil ina n-eagraíochtaí.

bearta chun an cistiú a chur chun feidhme, léirmhínithe éagsúla ar cheanglais agus ar shainmhínithe sna Ballstáit trí chéile, agus scálaí éagsúla idirghabhála i gcomparáid le Cistí SIE eile. Tá an Coimisiún, le cabhair ó aonad tacaíochta FAME, ag oibriú go leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Ina theannta sin, tá an tacaíocht, an anailís agus an oiliúint is gá curtha ar fáil ag FAME do na Ballstáit agus don Choimisiún araon. Leis na ceardlanna, na páipéir oibre agus an tacaíocht *ad hoc*, baineadh leas as taithí chomhchoiteann agus comhchuibhíodh agus feabhsaíodh cumas na n-údarás bainistíochta go mór maidir le sonraí a bhailiú faoi fheidhmíocht CEMI, tuairisciú ar an bhfeidhmíocht sin agus meastóireacht a dhéanamh uirthi. An taithí a gnóthaíodh agus CEMI á chur chun feidhme, is gné lárnach í de chreat simplithe níos éifeachtúla a fhorbairt le haghaidh na tréimhse 2021-2027, agus minicíocht tuairiscithe bhreise ag baint leis.